
[View in browser](#)

23 Nollaig 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 79










## COMÓRTAS FILÍOCHTA

Comhghairdeachas ó chroí le buaiteoirí an chomórtais filíochta a reáchtáil Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige le gairid. Ghlac breis is 150 gasúr páirt sa gcomórtas ó Choláiste Chroí Mhuire, ó Choláiste Cholmcille agus ó chuid de bhunscoileanna an cheantair. Dhírigh na déagóirí ar Chois Fharraige mar théama agus chuir na gasúir bunscoile béim ar chúrsaí na Nollag ina gcuid filíochta. Bhí sé an-deacair ar fad buaiteoirí a roghnú agus bhí na hOifigigh Pleanála Teanga an-tógtha leis an gcruthaitheacht agus leis an saibhreas Gaeilge a léirigh na daltaí. Seo thíos blaiseadh beag den saothar iontach a chruthaigh na filí óga.

**AN NOLLAIG**

Diarmad Ó Fátharta, Bliain a Dó (Colásite Cholmcille)

Is maith liomsa sneachta,
Is breá liom turcaí,
Ní bhíonn sneachta againn,
Ach ba mhaith linn roinnt scaití.

Bíonn dinnéar mór agamsa,
I mo theach deas rósta,
Ach nuair a bhíonn mise ag ithe dinnéar,
Bíonn daoine amuigh ag snámh ar an gcósta.

I mbliana anois, tá mé ar bís,
Chun fiafraí do Shaintí le haghaidh bróga,
Ach tá súil agam nach mbeidh stoirm ann Oíche Nollag,
Tá súil agam go mbeidh na síogaí cróga.

## COIS FHARRAIGE

Alva Ní Dhonnacha, Rang 6 (Scoil Éinne)

Léim muid amach as an gcarr le bís is le réabadh
Sluasaid 's buicéad inár lámha le chéile
An ghrian ag taitneamh ar ár gcaipíní gréine
Ach rinne muid dearmad ar rud éigin.

Gaineamh deas bán 's farraige mhór mhillteach
Daidí ina shuigh ar thuáille breá glégeal

Thosaigh muid ag déanamh caisleáin 's poill bhréige

Ach thosaigh an Ghaoth ag séideadh go tréan réidh orainn.

Chomh fada's a bhí an lá tháinig luí na gréine

Fuair muid cúpla milseán 's uachtar reoite le chéile

Thit muid inár gcodladh sa gcarr le tinneas cinn gréine

Ach nuair a d'fhéach muid sa scáthán, bhuel, ní raibh orainn ach dó gréine.

## FOLÚNTAS AG TEARMANN ÉANNA

Tá post páirt-aimseartha fógartha ag **Tearmann Éanna CTR**. Beidh an té a n-éiríonn leis nó léi ag feidhmiú mar Thiománaí Mionbhus i gceantar Chois Fharraige. Caithfidh ceadúnas tiomána D1 a bheith ag iarrthóirí chomh maith le hard-chaighdeán Gaeilge. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin bpost ach teagmháil a dhéanamh le Tearmann Éanna ag 091 505540. Le cur isteach ar an bpost, iarrtar ar dhaoine CV chomh maith le cóip dá gceadúnas tiomána D1 a sheoladh chuig bainisteoirtearmanneanna@gmail.com

## CAMCHUAIRT AR AN GCEARDLANN

D'fhoilsigh **Molscéal** físeán álainn le gairid áit a ndeachaigh Mairéad Ní Fhlatharta agus Marian Ní Chonghaile ar cuairt chuig Ceardlann an Spidéil chun bronntanais Nollag a cheannach. Tugann an físeán léargas ar na siopaí agus ar na táirgí áille atá ar fáil sa gceardlann, le béim ar leith ar na féiríní agus bronntanais iontacha atá ar fáil ann don Nollaig. Is féidir teacht ar an bhfíseán anseo.




## RANGANNA LE TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Cuirfear tús leis an dara téarma de Ranganna Thuismitheoirí na Gaeltachta an tseachtain dár tús 10ú Eanáir 2022. Beidh meascán de ranganna ceoil, amhránaíochta agus damhsa ar an sean nós á reáchtáil in Ionad Splanc ar an gCeathrú Rua. Cloífear le srianta COVID ó thaobh sláinte poiblí de, agus leanfar leis na ranganna seo ar an gcóras *Zoom* má tá gá leis. Is féidir tuilleadh eolais a fháil nó clárú do na ranganna ach teagmháil a dhéanamh le @ aisling@tuismtheoiri.ie

## DEISEANNA LE FÍBÍN & CÚLA 4

Tá **Fíbín** agus **Cúla 4** sa tóir ar dhaoine óga idir 8 agus 12 bliain d'aois le haghaidh clár nua. Le hiarratas a





dhéanamh, ní mór a insint dóibh céard iad na rudaí atá speisialta faoi do chaitheamh aimsire trí fhíseán tríocha soicind a thaifeadadh agus a sheoladh chucu ag eolas@fibinmedia.ie nó ar WhatsApp ag 085 138 9582 Glacfar le físeáin go dtí Lá Chinn Bhliana 1 Eanáir 2022. Ná déan dearmad d'ainm, d'aois agus d'áit chónaithe a luadh sa bhfíseán.

## FÉILIRE 2022 LE DEIRDRE CAULFIELD

Tá féilire álainn réitithe ag an ealaíontóir **Deirdre Caulfield** don bhliain nua. Feictear pictiúir áille le Deirdre sa bhféilire bunaithe ar shaol agus tírdhreach Chonamara. Tabharfar síntiús ó na díolacháin go **Claddagh Watch Patrol** a bhíonn ag faire ar aibhneacha agus ar chanálacha na Gaillimhe le gearradh siar ar thimpistí agus tragóidí. Is féidir féilire a phiocadh suas ar €8 ó **Centra** sa Spidéal nó ó **Bhláthanna agus Bronntanais Charoline** in Indreabhán.





## SEIRBHÍSÍ LUATHBHLIANTA CNNG CHOLMCILLE

Beidh seirbhísí luathbhlianta nua á reáchtáil i Scoil na Tulaí sa mbliain nua. In éineacht leis an tseirbhís naíonra atá ar fáil ann faoi láthair, beidh fáil ar chlub bricfeasta ón 8 r.n. go dtí go rachaidh na gasúir ar scoil. Chomh maith le sin, beidh seirbhís iar-naíonra ar fáil théis a 12, agus seirbhís iar-scoile freisin. Foilsíodh físeán álainn ar leathanach Facebook Chomhar Naíonraí na Gaeltachta le sonraí a thabhairt ar na seirbhísí seo chomh maith le camchuairt ar na stáisiúin uilig atá ann do na gasúir. Is féidir breathnú ar an bhfíseán anseo. Le clárú do na seirbhísí seo, nó le níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le 087 224 1488

## COLÁISTE CHOLMCILLE FAOI SHOILSE NA NOLLAG

Tá an Nollaig buailte linn agus tá an scoil s'againne maisithe go breá. Bhí daltaí Sheomra 22 agus na Cúntóirí Riachtanais Speisialta gnóthach ag dearadh maisiúcháin dá gcrann Nollag. Tá an scoil maisithe taobh amuigh, is í ag soilsiú, a bhuíochas don mhúinteoir ealaíne, Donnacha Ó Caoilte. Chaith Mac Uí

Chaoilte an t-uafás ama ag dearadh na maisiúchán lámhdhéanta atá le feiceáil ag an scoil. Tá Saintí, a shleamhnán agus a chuid réinfhianna le feiceáil chomh maith le crainn Nollag. Tá an scoil an-bhuíoch do **Bhláthanna agus Bhronntanais Charoline** de bharr gur bhronn sí fleasc Aidbhinte ar an scoil. Bíonn na coinnle lasta taobh amuigh d'oifig na scoile chuile lá. Glacann an idirbhliain buíochas le chuile dhuine a tháinig go dtí Margadh na Nollag a eagraíodh sa scoil Déardaoin seo caite. D'oibrigh an idirbhliain go crua le cúpla seachtain ar na hearraí lámhdhéanta a bhí á ndíol acu. Guíonn Coláiste Cholmcille Nollaig mhór mhaith daoibh ar fad!!

Rang na hIdirbhliana a scríobh.







## EARCAÍOCHT AG COMHLACHTAÍ GAELTACHTA

Tá feachtas ar siúl ag **Údarás na Gaeltachta** faoi láthair chun aird a tharraingt ar na folúntais ar fad atá ag comhlachtaí Gaeltachta faoi láthair. Tá os cionn 100 post liostáilte ar an suíomh faoi láthair ó chomhlachtaí fud fad na Gaeltachta agus táthar ag súil cur leis sin sa mbliain nua. Tá go leor daoine fillte ar an mbaile Gaeltachta an Nollaig seo agus cuid acu ag smaoineamh ar fhanacht sa mbaile go fad-téarmach nó b'fhéidir aistriú abhaile sa mbliain nua. Is féidir na poist ar fad atá liostáilte faoi láthair a fheiceáil anseo. Is féidir clárú chun eolas a fháil ar Phoist Ghaeltachta sa todhchaí anseo. Seolfar ríomhphoist go tráth rialta maidir leis na poist atá ar fáil i gcomhlachtaí Gaeltachta ag tosú go luath in 2022. Is féidir níos mó eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le Páid ag pon@udaras.ie

## SCÉAL LE MHIKE Ó CONAOLA

Cuirfidh léitheoirí Chois Fharraige spéis i **Beirt Shagart**, gearrscéal le Mike P Ó Conaola a foilsíodh i bh**Feasta** na míosa seo. Gearrscéal é seo atá bunaithe ar eachtra a tharla nuair a bhí an Canónach Mac Giolla Sheannaigh, sagart paróiste an Spidéil, ag ceannach clog do Chill Éinde, séipéal an Spidéil, i 1916. Tá an clog céanna á fheistiú faoi láthair agus ní fada go gcloisfear a chling sa tsráidbhaile arís. Maith thú, a Mhike.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig

083 010 6294

optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta